II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1446 ÓN gCOMHAIRLE

**an 1 Meán Fómhair 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine agus leanann sé de ghníomhaíochtaí agus de bhearta lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine a cháineadh.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine a leanas ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “1230. | Alla Viktorovna POLYAKOVA<br><br>(Алла Викторовна ПОЛЯКОВА) | Dáta breithe: 26.11.1970<br><br>Áit bhreithe: Ryazan, Russian Federation<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: baineann | Comhalta den Dúma Stáit (State Duma) a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise Chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh a thuilleadh an Úcráin. | 1.9.2022 |
| 1231. | Anton Olegovich TKACHEV<br><br>(Антон Олегович ТКАЧЁВ) | Dáta breithe: 31.3.1994<br><br>Áit bhreithe: Voronezh, Russian Federation<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann | Comhalta den Dúma Stáit (State Duma) a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 ‘Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise Chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk’ agus a thacaigh dá bhrí sin le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh a thuilleadh an Úcráin. | 1.9.2022 |
| 1232. | Valery Andreevich PONOMAREV<br><br>(Валерий Андреевич ПОНОМАРЕВ) | Dáta breithe: 17.8.1959<br><br>Áit bhreithe: Kurilsky District, Sakhalin Region, Russian Federation<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann | Comhalta den Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) a dhaingnigh cinntí rialtais an ‘Conradh Cairdis, Comhair agus Cúnaimh Fhrithpháirtigh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk agus idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Luhansk’. | 1.9.2022” |